
# LÁ 2: ÁR SCOIL CHAITLICEACH: FÁILTE ROIMH ÉAGSÚLACHT

## EOCHAIRFHOCAIL:

**Éagsúlacht Imirce Fáilte Creidimh**
**Muintearas Meas Náisiúntachtaí Inniúlachtaí**
**Ráiteas Misin Luachanna an tSoiscéil**

R — Ransú Smaointe: Cad is brí le héagsúlacht, an dóigh leat?

Léiríonn na figiúirí ó Dhaonáireamh 2016, athruithe san imirce agus san éagsúlacht.




(www.cso.ie)

M — Machnamh: Bí ag smaoineamh ar na náisiúntachtaí éagsúla sa rang.
Cén dúshlán a chuirtear roimh dhuine nua chun na hÉireann faoi láthair?

Obair i bPéirí: Cuir na trí cheist seo ar do pháirtí (is cuma an as an tír chéanna don bheirt agaibh):

1. An dóigh leat go bhfuil fáilte romhat chuig pobal na scoile. Conas san?
2. Cad iad na rudaí a thabharfadh le fios duit nach raibh fáilte anseo romhat? Mura mbíonn fáth ar bith, smaoinigh ar an taithí a bheadh ag daltaí a cheap nach raibh fáilte rompu.
3. Cad a dhéanfá le tabhairt le fios do dhaltaí ó náisiúntachtaí eile go raibh fáilte rompu isteach i bpobal na scoile?

P

Plé: Roinn an t-eolas a fuair tú ó do pháirtí leis an gcuid eile den rang. Ar chuir aon chuid de na freagraí imní oraibh, nó sibh a chur ag smaoineamh maidir leis an mbealach ina ndéileáiltear leis an duine eile ar scoil?

Obair Uimhearthachta: Cruinnigh na sonraí a chuirfidh ar do chumas léaráid a chruthú maidir leis na náisiúntachtaí éagsúla, agus an céatadán de phobal na scoile a bhaineann leo.

F

Féach: https://youtu.be/iNKPFCW5JpA (12:11(ach taispeáin 0-9nóim 11))

P

Plé: Seo gearrthóg fhíse ó Chruinniú Domhanda na dTeaghlach a tharla ag Páirc an Chrócaigh mí Lúnasa 2018. Conas mar a thaispeántar gur sochaí ilchineálach í sochaí na hÉireann. Déan taifead i do chóipleabhar de na samplaí den ilchineáltacht seo in Éirinn

Obair

1. Léadh gach duine agaibh ráiteas misin na scoile. Cad iad na focail/frásaí a thabharfadh le fios go bhfuil fáilte roimh dhaltaí ó náisiúntachtaí, nó ó chreidimh eile agus roimh dhaoine le cumas éagsúil iontu.
2. Déan plé i bpéirí maidir leis an bhfocal a d'aimsigh sibh. Cuirigí bhur rogha i gcomparáid le roghanna eile.
3. Mar rang, déan plé maidir le ráiteas misin na scoile ag tabhairt le fios go bhfuil fáilte roimh chách anseo. An bhféadfaí cúrsaí a fheabhsú ar aon bhealach le bheith cinnte de go mbíonn fáilte is fiche roimh dhuine ar bith a thiocfadh chuig doras na scoile.
4. Bain úsáid as an ráiteas misin agus as an bplé a rinne sibh, le do leagan féin de ráiteas misin a chruthú a chinnteodh go mbeadh fáilte mhór roimh dhaltaí nua chun na scoile ionas go mbeidh siad slán agus go dtabharfar aire ghrámhar dóibh.




(http://coachjudynelson.com)

Sa scannán *Freedom Writers* cuirtear síos ar rang ilchineálach in Ardscoil sna Stáit Aontaithe. Ag tús an scannáin tugtar le fios dúinn gur sampla den scoil imeasctha atá anseo, scoil ina gcuirtear mic léinn ó réimse leathan cúlraí isteach lena chéile. Sa chás seo bhí cleachtadh ag na daoine óga a cuireadh isteach lena chéile, de bheith ag troid in aghaidh a chéile le dronga éagsúla na comharsanachta. Tagann múinteoir nua chucu darbh ainm Erin Gruwell (Hilary Swank) agus tugtar rang Béarla mhic léinn na chéad bhliana di, rang ina bhfuil an t-easaontas go mór le sonrú ina measc. Déanann sí a dícheall gach aon mheas orthu a léiriú ionas go mbeidh muinín acu aisti. Ní mar sin a bhí sular tháinig Ms Gruwell chucu. Breathnaigh ar an ngearrthóg fhíse ón scannán.

F

Féach: https://youtu.be/9f8liieRepk (2:30)
Feictear nach bhfuil na mic léinn in aghaidh a chéile a thuilleadh. Tá muintearas eatarthu anois. Mothaíonn siad go bhfuil siad slán sábháilte agus go bhfuil meas orthu.

P **Plé:** Cad iad luachanna an tSoiscéil a léirigh Ms Gruwell i leith na mac léinn ionas gur tháinig siad chuig an staid ina bhfuil iad anois, agus iad go léir ag réiteach lena chéile? Dá mbeadh cách ag maireachtáil de réir na Scrioptúr an gceapfadh gach uile dhuine go raibh fáilte rompu isteach sa phobal seo? Cad iad na riachtanais a bheadh uait le go dtuigfeá go raibh tú sa bhaile i measc an phobail scoile seo?

Léigh na sleachta seo ón mBíobla:

Galataigh 3:28

Apacailipsis 7: 9-10

1 Corantaigh 12: 12-14

P **Plé:** Léigh tú na sleachta. Cén dearcadh a bhí ag Íosa i leith na héagsúlachta?

**Machnamh scríofa:** Scríobh liosta i do chóipleabhar de na rudaí a bhí le foghlaim ó na sleachta sin ón mBíobla.

**Gníomhaíocht shínithe:** Sa phaimfléad Share the Good News, deirtear: 'Is bronntanas chomh maith le dúshlán í (é) an duine nua chun na hEaglaise.' Cad is brí leis an ráiteas seo?

